2024/2406

13.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2406 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh earraí áirithe cúraim leanaí, troscán leanaí, trealamh gleacaíochta agus táirgí léasair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí ([1]), go háirithe Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3(1) de Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ceanglaítear ar mhonaróirí gan ach táirgí sábháilte a chur ar an margadh.

(2) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 3(2) de Threoir 2001/95/CE, measfar go bhfuil táirge sábháilte a mhéid a bhaineann leis na rioscaí agus na catagóirí riosca a chumhdaítear leis na caighdeáin náisiúnta ábhartha nuair a chomhlíonann sé caighdeáin náisiúnta dheonacha lena dtrasuitear caighdeáin Eorpacha, ar fhoilsigh an Coimisiún a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin.

(3) De bhun Airteagal 4(1) de Threoir 2001/95/CE, dréachtaíonn Eagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú caighdeáin Eorpacha i gcomhréir le sainorduithe arna ndeonú ag an gCoimisiún.

(4) De bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2001/95/CE, foilseoidh an Coimisiún na tagairtí do na caighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Foilsítear roinnt tagairtí do na caighdeáin sin a glacadh chun tacú le Treoir 2001/95/CE le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún ([3]).

(5) An 2 Iúil 2010, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2010/376/AE lena leagtar síos na ceanglais sábháilteachta le haghaidh táirgí i dtimpeallacht chodlata leanaí, mar shampla, tochtanna le haghaidh cliabhán, tuairteoirí cliabháin, leapacha linbh ar crochadh, duivéanna do leanaí agus málaí codlata do leanaí ([4]). Ar bhonn an chinnidh sin, trí litir M/497 an 20 Deireadh Fómhair 2011, d'iarr an Coimisiún ar Comité Européen de Normalisation ("CEN") caighdeáin Eorpacha a ullmhú a bhaineann leis na rioscaí sábháilteachta i dtimpeallacht chodlata leanaí.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/95/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2019 maidir le caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 259, 10.10.2019, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1698/oj).
([4]) Cinneadh ón gCoimisiún 2010/376/AE an 2 Iúil 2010 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí áirithe i dtimpeallacht chodlata leanaí de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 170, 6.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/376/oj).

(6) Ar bhonn na hiarrata sin, ghlac CEN caighdeán EN 16890:2017 *'Troscán do leanaí - Tochtanna le haghaidh cliabháin agus cruibeanna - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála* a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in 2020. Dréachtaíodh leasú, A1:2021, ar chaighdeán EN 16890:2017 chun earráid theicniúil agus tagairt normatach mhícheart maidir le tomhais tochta le haghaidh cliabhán agus cruibeanna a cheartú. Tugadh isteach ceanglas maidir le tiús tochta freisin chun sábháilteacht an táirge a chinntiú. Chun a áirithiú go gcuirfear caighdeán EN 16890:2017 i bhfeidhm go cuí, is gá tagairt don leasú sin a chur isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Ar bhonn na hiarrata ón gCoimisiún trí litir M/497, ghlac CEN freisin caighdeáin EN 12790-1:2023 *'Earraí cúraim leanaí - Cliabháin insínte - Cuid 1: Cliabháin insínte do leanaí go dtí an aois a dhéanann siad iarracht éirí aniar'* agus EN 12790-2:2023 *'Earraí cúraim leanaí - Cliabháin insínte - Cuid 2: Cliabháin insínte do leanaí go dtí an aois a dhéanann siad iarracht seasamh suas'*. Is táirgí ar fáil go forleathan ar an margadh Eorpach iad cliabháin insínte, le gnéithe acu lena n-áirítear gluaiseachtaí éagsúla agus comhpháirteanna leictreonacha. Mar sin féin, níl aon chaighdeán foilsithe san *Iris Oifigiúil* faoi láthair chun a sábháilteacht a mheas. Le Caighdeán EN12790 tugtar isteach ceanglais a chomhlíonann na ceanglais ghinearálta sábháilteachta a leagtar amach i dTreoir 2001/95/CE. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go gcuirfear an dá chuid de chaighdeán EN12790 i bhfeidhm go cuí, ba cheart a thagairt a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Ar bhonn Chinneadh 2011/479/AE ón gCoimisiún ([5]). agus d'iarr an Coimisiún, trí litir M/507 an 5 Meán Fómhair 2012, ar CEN caighdeáin Eorpacha maidir le trealamh gleacaíochta a ullmhú.

(9) Ar bhonn na hiarrata sin, ghlac CEN caighdeán EN 913:2018 *'Trealamh gleacaíochta - Ceanglais ghinearálta sábháilteachta agus modhanna tástála'*, ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Agus eolas nua á chur san áireamh, dhréachtaigh CEN caighdeán EN 913:2018+A1:2021 lenar tugadh isteach eiseamail tástála thábhachtacha lena n-ailínítear oiriúnú le caighdeáin ábhartha eile CEN/TC 136 *'Spóirt, clós súgartha agus saoráidí agus trealamh áineasa eile'*. Baineann oiriúnú tábhachtach eile le meáchan an úsáideora sa tábla a ailíniú le meáchan an úsáideora sa téacs. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go gcuirfear caighdeán EN 913:2018+A1:2021 i bhfeidhm go cuí, ba cheart a thagairt a fhoilsiú freisin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Ar bhonn Chinneadh 2011/786/AE ón gCoimisiún ([6]), d'iarr an Coimisiún, trí litir M/508 dar dáta Nollaig 2012, ar CEN caighdeáin Eorpacha a fhorbairt le haghaidh rothar, rothar do leanaí óga agus iompróirí bagáiste do rothair.

(11) Ar bhonn na hiarrata sin, agus eolas nua á chur san áireamh, ghlac CEN leagan nua de chaighdeán, EN 14344:2022 *'Earraí cúraim leanaí - Cathaoireacha leanaí do rothair - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála'*, lena n-áirítear táirgí nach raibh sa leagan níos luaithe den chaighdeán (EN 14344:2004 *'Earraí úsáide agus cúraim leanaí - Cathaoireacha leanaí do rothair - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála'*) a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in 2005. Comhlíonann na huasdátaithe sin na ceanglais ghinearálta sábháilteachta a leagtar amach le Treoir 2001/95/CE. Dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm cuí chaighdeán EN 14344 a áirithiú, ba cheart an tagairt don leagan nua den chaighdeán a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([5]) Cinneadh ón gCoimisiún 2011/479/AE an 27 Iúil 2011 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh trealamh gleacaíochta de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 197, 29.7.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/479/oj).

([6]) Cinneadh ón gCoimisiún 2011/786 an 29 Samhain 2011 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh rothar, rothair le haghaidh leanaí óga, agus iompróirí bagáiste do rothair de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 319, 2.12.2011, lch. 106, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/786/oj).

(12) Ar bhonn Chinneadh 2014/59/AE ón gCoimisiún ([7]), d'iarr an Coimisiún ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil ('Cenelec') caighdeáin a fhorbairt maidir le sábháilteacht táirgí léasair do thomhaltóirí ([8]).

(13) Ar bhonn na hiarrata sin, ghlac Cenelec caighdeán EN 50689:2021 '*Sábháilteacht táirgí léasair - Ceanglais ar leith maidir le Táirgí Léasair do Thomhaltóirí*'. Comhlíonann an caighdeán sin na ceanglais sábháilteachta a leagtar amach le Cinneadh 2014/59/AE. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go gcuirfear caighdeán EN 50689:2021 i bhfeidhm go cuí, ba cheart a thagairt a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(14) Ar bhonn Chinneadh 2013/121/AE ón gCoimisiún ([9]), d'iarr an Coimisiún ar CEN caighdeáin Eorpacha a ullmhú le haghaidh suíocháin áirithe do leanaí ([10]).

(15) Ar bhonn na hiarrata sin, ghlac CEN caighdeán EN 17191:2021 *'Troscán Leanaí - Suíocháin le haghaidh leanaí - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála*'. Comhlíonann an caighdeán sin na ceanglais sábháilteachta a leagtar amach i gCinneadh 2013/121/AE. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt dó a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 a leasú dá réir sin.

(17) Le comhlíonadh an chaighdeáin náisiúnta ábhartha lena dtrasuitear na caighdeáin Eorpacha ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sábháilteacht ann a mhéid a bhaineann leis na rioscaí agus na catagóirí riosca a chumhdaítear leis an gcaighdeán náisiúnta ábhartha ó dháta foilsithe na tagartha don chaighdeán Eorpach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(18) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán nua, athbhreithnithe nó leasaithe, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a choimeád ar feadh tréimhse 18 mí: EN 14344:2004 '*Earraí úsáide agus cúraim leanaí - Cathaoireacha leanaí do rothair - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála*'; EN 913:2018 *'Trealamh gleacaíochta - Ceanglais ghinearálta sábháilteachta agus modhanna tástála*'; EN 16890:2017 *'Troscán leanaí - Tochtanna do chliabháin agus do chruibeanna - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála*

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a leagtar síos le hAirteagal 15 de Threoir 2001/95/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([7]) Cinneadh ón gCoimisiún 2014/59/AE an 5 Feabhra 2014 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh táirgí léasair do thomhaltóirí de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 36, 6.2.2014, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/59(1)/oj).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 5.2.2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil maidir le táirgí léasair do thomhaltóirí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2015) 557 final).

([9]) Cinneadh ón gCoimisiún 2013/121/AE an 7 Márta 2013 maidir leis na ceanglais sábháilteachta atá le comhlíonadh ag caighdeáin Eorpacha le haghaidh suíocháin áirithe do leanaí de bhun Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 65, 8.3.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/121(1)/oj).

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 22.7.2014 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhréachtú le haghaidh suíocháin áirithe do leanaí chun tacú le Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (C(2014) 5058 final).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1), (3) agus (5) d'Iarscríbhinn I ón 13 Márta 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1698 mar a leanas:

(1) scriostar ró 2.

(2) cuirtear isteach ró 2a:

‘2a	EN 913:2018+A1:2021 Trealamh gleacaíochta - Ceanglais ghinearálta sábháilteachta agus modhanna tástála’;

(3) scriostar ró 46.

(4) cuirtear isteach ró 46a:

‘46a	EN 14344:2022 Earraí cúraim leanaí - Cathaoireacha atá suite ar bhoird - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;

(5) scriostar ró 52a.

(6) cuirtear isteach ró 52a’:

‘52a’	EN 16890:2017+A1:2021 Troscán leanaí - Cruibeanna - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;

(7) cuirtear na rónna seo a leanas isteach, ró 36(a), ró 36(b), ró 52(d), ró 65(a):

‘36a	EN 12790-1:2023 Earraí cúraim leanaí - Cliabháin insínte - Cuid 1: Cliabháin insínte do leanaí go dtí an aois a dhéanann siad iarracht éirí aniar
36b	EN 12790-2:2023 Earraí cúraim leanaí - Cliabháin insínte - Cuid 2: Cliabháin insínte do leanaí go dtí an aois a dhéanann siad iarracht seasamh suas’.

‘52d	EN 17191:2021 Troscán leanaí - Suíocháin do leanaí - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;

‘65a	EN 50689:2021 Sábháilteacht táirgí léasair - Ceanglais ar leith maidir le Táirgí Léasair do Thomhaltóirí’